Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2020**
**(OR. en)**

**10928/20**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0260(NLE)**

**RECH 323**
**COMPET 418**
**IND 143**
**TELECOM 148**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 569 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 569 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 569 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2020
COM(2020) 569 final

ANNEX 2 – PART 1/2

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**TOGRA LE HAGHAIDH RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú**

{SWD(2020) 179 final}

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

# Ábhar


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh ... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)* ... 3

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le: ... 3

1.4. Forais an togra/tionscnaimh ... 3

1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 3

1.4.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais ... 3

1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ... 4

1.4.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile ... 5

1.5. Fad agus tionchar airgeadais ... 5

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe ... 5

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ... 7

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ... 7

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe ... 7

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ... 7

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ... 8

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) ... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ... 9

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ... 9

3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid (línte buiséid) nua caiteachais atá beartaithe ... 9

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas ... 12

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas 12

3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an Chomhghnóthais ... 15

3.2.3. Acmhainní daonna an Choimisiúin a mheastar a bheidh riachtanach ... 17

3.2.4. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe ... 19

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ... 20

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Rialachán na Comhairle maidir leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach a bhunú

### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Braisle cláir)*

Taighde agus Nuálaíocht agus Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha

(Ardríomhaireacht – Fís Eorpach Braisle 4, Digiteach, Tionscal agus Spás Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta – Cuspóir Straitéiseach DEP 1)

### 1.3. Baineann an togra/tionscnamh le:

☐ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[1]

☑ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

### 1.4. Forais an togra/tionscnaimh

*1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Is é aidhm an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh seirbhís sár-ríomhaireachta agus ríomhaireachta candamaí agus éiceachóras bonneagar sonraí den chéad scoth a bheidh cónasctha, slán agus hipearnasctha a fhorbairt, a úsáid, a leathnú agus a chothú san Aontas; tacú le táirgeadh córas sár-ríomhaireachta nuálach agus iomaíoch bunaithe ar shlabhra soláthair lena n-áiritheofar comhpháirteanna, teicneolaíochtaí agus eolas a chuirfidh teorainn leis an mbaol bristí agus lena bhforbrófar raon leathan feidhmchlár a bheidh barrfheabhsaithe le haghaidh na gcóras sin; an úsáid a bhainfear as an mbonneagar sár-ríomhaireachta sin a leathnú amach chuig líon mór úsáideoirí poiblí agus príobháideacha, agus tacú le forbairt príomhscileanna le haghaidh eolaíochta agus tionsclaíochta na hEorpa.

*1.4.2. Breisluach rannpháirtíocht an Aontais*

Áirítear le breisluach rannpháirtíocht an Aontais:

- An leibhéal cistithe sa Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta ag leibhéal Eorpach a mhéadú in iarracht shingil agus chomhordaithe leis na Ballstáit/Stáit Rannpháirteacha.

- Comhordú agus comhthiomsú breisithe ar infheistíochtaí an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta (bunaithe ar SRIA)

[1] Faoi mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

- Cur chun feidhme réasúnaithe ar infheistíochtaí agus cláir náisiúnta agus an Aontais, a chuirfidh le hinfheistíochtaí foriomlána sa Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta a mhéadú san Eoraip

- Na sár-ríomhairí is fearr ar domhan a sholáthar don Aontas Eorpach, nach bhféadfadh Stáit Rannpháirteacha aonair a fháil astu féin.

- Institiúidí/úsáideoirí Eorpacha a éascú chun rochtain a fháil ar na hacmhainní sár-ríomhaire is fearr san Eoraip

Méadóidh an EuroHPC an soláthar cumhachta ríomhaireachta go mór d'úsáideoirí an Aontais Eorpaigh, cuirfidh sé le soláthar d'fhoinse neamhspleách Eorpach de phríomhtheicneolaíochtaí a athróidh tírdhreach éiceachóras soláthair na hEorpa, agus a chothóidh agus a leathnóidh úsáid na Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta ar fud an Aontais

1.4.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá taithí oibre láidir faighte ag an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach cheana féin, le plé forleathan i measc páirtithe leasmhara ar ghnéithe rialachais, riaracháin agus gnéithe eile oibríochtúla agus cur chun feidhme ónar féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhcheachtanna a foghlaimíodh go dtí seo mar seo a leanas:

- Simpliú ar an scéim chómhaoinithe: Caithfear an meascán de chistí Aontais agus náisiúnta sna gníomhaíochtaí EuroHPC éagsúla a shimpliú agus a bharrfheabhsú.
- Tuilleadh solúbthachta chun sainmhíniú a thabhairt ar am fála agus teicneolaíocht na gcóras sár-ríomhaireachta nua
- Tuilleadh solúbthachta i leithdháileadh acmhainní na gcóras EuroHPC.
- Beartais rochtana sainmhínithe go maith i gcomhair úsáid thionsclaíoch/tráchtála an bhonneagair EuroHPC a chuirfeadh faoi chumas úsáid iomlán a bhaint as cumais EuroHPC i rochtain taighde réamhiomaíocht, nó i dtéarmaí úsáid tráchtála
- Creat níos soiléire maidir le comhar leis na páirtithe leasmhara ábhartha: PRACE agus GEANT. B'fhéidir gur ghá socruithe ar leith a bhunú le PRACE do na cúraimí a bhaineann le leithdháileadh an ama rochtana ar chórais an Chomhghnóthais, agus le GEANT chun nascacht thiomanta a fháil do shár-ríomhairí EuroHPC.
- Sainmhíniú níos fearr ar na rannchuidithe éagsúla le gníomhaíochtaí EuroHPC. Mar shampla, is gá sainmhíniú breise a dhéanamh ar ranníocaíochtaí comhchineáil na Stát Rannpháirteach agus na mBall Príobháideach leis an gComhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach; agus sainmhíniú níos fearr a dhéanamh ar chostais ar féidir/nach féidir le EuroHPC tacú leo i gcomhair fáil agus oibriú sár-ríomhairí.
- Tuilleadh solúbthachta i rannchuidiú na mBall Príobháideach agus gníomhairí príobháideacha eile le gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh

*1.4.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile*

| |
|---|
| Sineirgí in Fís Eorpach (F-E) |
| Comharba ar Chomhghnóthas ECSEL Mórshonraí, Róbataic agus IS Teicneolaíochtaí Candamacha FET Suaitheanta EOSC |
| Sineirgí in DEP |
| IS Cibearshlándáil Ardscileanna digiteacha |

**1.5. Fad agus tionchar airgeadais**

☑ **tréimhse theoranta**

– ☑ i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2033

– ☑ Tionchar airgeadais ó 2021 go 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2021 go 2033 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[2]**

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☑ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

2 Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

| |
|---|
| |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

Beidh gníomhaíochtaí an Chomhghnóthais faoi réir faireachán leanúnach agus athbhreithnithe tréimhsiúla i gcomhréir lena chuid rialacha airgeadais, d'fhonn an tionchar agus an tsármhaitheas is airde a áirithiú, chomh maith leis an úsáid is éifeachtúla as acmhainní. Cuirfear torthaí an fhaireacháin agus na n-athbhreithnithe tréimhsiúla leis na meastóireachtaí ar an gComhghnóthas mar chuid de na meastóireachtaí in Fís Eorpach mar a shonraítear in Airteagal 47 den Rialachán lena mbunaítear Fís Eorpach.

Mar aon leis sin, cuirfidh an Coimisiún meastóireacht eatramhach i gcrích le cúnamh ó shaineolaithe neamhspleácha ar bhonn próiseas trédhearcach tráth nach déanaí ná ceithre bliana tar éis tús a chur le cur chun feidhme Fís Eorpach. Déanfar imscrúdú sa mheastóireacht ar conas a chomhlíonann an Comhghnóthas a mhisean de réir a chuspóirí eacnamaíocha, teicneolaíochta, eolaíochta, sochaíocha agus beartais, agus déanfar meastóireacht ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, ábharthacht, comhleanúnachas, agus breisluach an Aontais dá chuid gníomhaíochtaí mar chuid de Fís Eorpach. Déanfar imscrúdú sna meastóireachtaí ar a chuid sineirgí agus comhlántachtaí le tionscnaimh ábhartha Eorpacha, náisiúnta agus, i gcás inarb ábhartha, réigiúnacha, lena n-áirítear sineirgí le codanna eile de Fís Eorpach (amhail misin, braislí nó cláir théamacha/shonracha). Beidh aird ar leith ar an tionchar a baineadh amach ar leibhéal an Aontais agus go náisiúnta, agus comhpháirt na sineirgí agus athúsáide beartais á gcur san áireamh.

Áireofar leis na meastóireachtaí freisin measúnú ar thionchar fadtéarmach an Chomhghnóthais ó thaobh na heolaíochta, na sochaí, an gheilleagair agus atá ábhartha do bheartas agus áireofar leis measúnú ar an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghnímh sa todhchaí, chomh maith le haon athnuachan a fhéadfar a dhéanamh ar an gComhghnóthas a shuíomh i dtírdhreach foriomlán na gComhpháirtíochtaí Eorpacha agus a chuid tosaíochtaí beartais.

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Feidhmeoidh iniúchóir inmheánach an Choimisiúin na cumhachtaí céanna maidir leis an gComhghnóthas leo sin a fheidhmítear maidir leis an gCoimisiún. Thairis sin, féadfaidh an Bord Rialála socrú a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun cumas iniúchóireachta inmheánaí an Chomhghnóthais a bhunú.

I gcomhréir le hAirteagal 154 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1046/2018, beidh urraim ag an gComhghnóthas do na prionsabail a bhaineann le bainistíocht fónta airgeadais, trédhearcacht agus neamh-idirdhealú agus ráthóidh sé leibhéal cosanta do leasanna airgeadais a chuid ball a bheidh ar choibhéis leis sin a éilítear faoin Rialachán sin.

Déanfar iniúchtaí ex-post ar chaiteachas ar ghníomhaíochtaí indíreacha i gcomhréir le Creatchlár Fís Eorpach mar chuid de ghníomhaíochtaí indíreacha an Chreatchláir Fís Eorpach.

D’fhonn leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, déanfaidh an Coimisiún i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais maoirsiú ar ghníomhaíochtaí an Chomhghnóthais, go háirithe trí iniúchtaí agus meastóireachtaí a dhéanamh ar chur chun feidhme an chláir, cuirfidh sé nósanna imeachta i bhfeidhm maidir le himscrúdú agus glacadh na gcuntas agus fágfaidh sé ar lár ó chaiteachas maoinithe an Aontais aisíocaíochtaí a rinneadh de shárú ar na rialacha is infheidhme. Féadfaidh sé íocaíochtaí a chur ar fionraí agus cur isteach orthu freisin má bhraitheann sé mírialtachtaí airgeadais nó riaracháin.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Is iad na príomhrioscaí a aithníodh nár íocadh an caiteachas i gceart le rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí indíreacha agus nár cuireadh fáil sár-ríomhairí EuroHPC chun feidhme i gceart. Leanfaidh an bhainistíocht airgeadais Rialachán Airgeadais an Chomhghnóthais a bheidh ag cur phróisis riaracháin agus airgeadais faoi seach na gclár cistiúcháin faoi seach chun feidhme (i.e. Fís Eorpach, an Eoraip Dhigiteach, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa-2), lena n-áirítear úsáid a bhaint as na huirlisí coiteanna TF.

Téitear i ngleic leis an riosca sonrach atá le coinbhleachtaí leasa a bhaineann le Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach trí dheighilt fhollasach a dhéanamh idir cumhachtaí cinnteoireachta an Bhoird Rialála – an straitéis agus na pleananna oibre a leagan síos, na dálaí le haghaidh an ghlao ar thograí agus an ghlao ar thairiscintí a chinneadh agus cinneadh a dhéanamh maidir le leithdháileadh cistiú poiblí.

Nuair nach leor na ranníocaíochtaí ó na Stáit Rannpháirteacha, cuirtear fáil nó oibriú na sár-ríomhairí réamh-eicseascálaithe i mbaol, tarlaíonn sé nach leor na ranníocaíochtaí chun na sár-ríomhairí a fháil, chun iad a oibriú thar a saolré eacnamaíoch, nó ní leor na ranníocaíochtaí chun sár-ríomhairí a fháil a bhfuil leibhéal feidhmíochta acu a d’fhágfadh iad i measc na dtrí cinn ab fhearr ar domhan. Ní sheolfar soláthar de chuid an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh ach amháin nuair a fhaightear tiomantas daingean ó na Stáit Rannpháirteacha mar chuid de na critéir incháilitheachta sa ghlao ar léiriú spéise chun sár-ríomhaire EuroHPC a óstáil, tiomantas faoina gcumhdófar costas iomlán na húinéireachta.

I gcomhréir leis an Rialachán maidir le Fís Eorpach, ba cheart do Stáit Rannpháirteacha é a chur ar iontaoibh an Chomhghnóthais a ranníocaíocht lena rannpháirtithe náisiúnta i ngníomhaíochtaí indíreacha a chur chun feidhme. Chun leasanna an Aontais a choimirciú, ba cheart do na Stáit Rannpháirteacha agus don Chomhghnóthas comhaontuithe a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí de a chur i gcrích ag gabháil ar na Stáit Rannpháirteacha méid iomlán a ranníocaíochta le gníomhaíochtaí indíreacha a íoc ar feadh shaolré an tionscnaimh. Ba cheart comhaontuithe den sórt sin a chur i gcrích i gcomhthéacs an nóis imeachta bhuiséadaigh bhliantúil agus chlársceidealú an Chomhghnóthais. Is ina dhiaidh sin amháin agus ag teacht le rialacha airgeadais an Chomhghnóthais, ar cheart don oifigeach údaraithe na tiomantais bhuiséadacha agus dlíthiúla a dhéanamh le haghaidh na ngníomhaíochtaí indíreacha sin.

2.2.3. *Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas “costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú”) agus*

*measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)*

| |
|---|
| Mar chuid de na Comhghnóthais a chruthaítear faoi Fís Eorpach beidh an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach mar chuid de straitéis iniúchóireachta an Choimisiúin. Go háirithe, déanfaidh an CIC faireachán ar na gníomhaíochtaí indíreacha arna gcur chun feidhme ag an gComhghnóthas lena áirithiú go mbeidh an ráta earráide ag an leibhéal céanna leis na gníomhaíochtaí eile a fhaigheann cistiú faoi Fís Eorpach. |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.*

| |
|---|
| Tá cumhacht iniúchóireachta ag an gCoimisiún nó ag a chuid ionadaithe agus ag an gCúirt Iniúchóirí, ar bhonn doiciméad agus cigireachtaí ar an láthair, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas Eorpach.<br><br>Féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (EPPO) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[3] agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh i ndáil le comhaontú deontais nó le conradh a bhaineann le maoiniú AE.<br><br>Gan dochar don mhéid thuas, trí chomhaontuithe deontais agus trí chonarthaí a thig ón Rialachán seo a chur chun feidhme, cumhachtófar go sainráite don Choimisiún, don Chúirt Iniúchóirí agus do OLAF na hiniúchtaí, seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí sin a dhéanamh. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus an líne buiséid (línte buiséid) nua caiteachais atá beartaithe

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Ceannteideal 1**<br>**Margadh Aonair, Nuálaíocht agus** | LD/LN[5]. | ó thíortha de chuid CSTE[6] | ó thíortha is iarrthóirí[7] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán |

3 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le rialuithe ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún d'fhonn cosaint a thabhairt do leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

4 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1).

5 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

6 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Digiteach – Fís Eorpach** | | | | | Airgeadais |
| 1 - Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach | 01 02 02 42 01 – HE - Braisle Dhigiteach, Tionscal agus Spás – Comhghnóthas Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (EuroHPC) Caiteachas tacaíochta<br>01 02 02 42 02 – HE - Braisle Dhigiteach, Tionscal agus Spás – Comhghnóthas Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (EuroHPC) Caiteachas oibríochtúil<br>02 04 02 11 01 – DEP - Comhghnóthas Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (EuroHPC) Caiteachas tacaíochta<br>02 04 02 11 02 – DEP - Comhghnóthas Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (EuroHPC) Caiteachas oibríochtúil<br>02 03 03 - SCE Digiteach | Difreáilte | TÁ | TÁ | TÁ | TÁ |

[7] Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí (EUR milliúin go dtí an tríú deachúil)

| líne buiséid | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 02 02 42 01 – HE - Braisle Dhigiteach, Tionscal agus Spás – Comhghnóthas Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (EuroHPC) Caiteachas tacaíochta[8] | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | | **p.m.** |
| 01 02 02 42 02 – HE - Braisle Dhigiteach, Tionscal agus Spás – Comhghnóthas Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (EuroHPC) Caiteachas oibríochtúil | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | | **p.m.** |
| 02 04 02 11 01 – DEP - Comhghnóthas Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (EuroHPC) Caiteachas tacaíochta | 2,017 | 3,149 | 3,660 | 3,733 | 3,808 | 3,884 | 9,748 | | **30,000** |
| 02 04 02 11 02 – DEP - Comhghnóthas Ríomhaireacht Ardfheidhmíochta (EuroHPC) Caiteachas oibríochtúil | 397,983 | 386,851 | 396,340 | 146,267 | 296,192 | 346,116 | 400,251 | | **2.370,000** |
| 02 03 03 - SCE Digiteach | 10,000 | 20,000 | 40,000 | 70,000 | 20,000 | 20,000 | 20,000 | | **200,000** |
| **Caiteachas iomlán** | **410,000** | **410,000** | **440,000** | **220,000** | **320,000** | **370,000** | **430,000** | | **2.600,000** |

[8] Ní féidir an ranníocaíocht HE a thabhairt le fios ag an gcéim seo. Tugtar le fios sna táblaí seo a leanas den Ráiteas Airgeadais ranníocaíochtaí a bhaineann le DEP agus SCE amháin. Tá sé i gceist go mbeadh an ranníocaíocht HE i gcomhréir leis an ranníocaíocht bhliantúil reatha le EuroHPC.

### 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

#### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **1** | 1 - Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Digiteach |
|---|---|---|

| **Comhghnóthas[9][10][11]** | | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027[12]** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teideal 1 | Gealltanais | (1) | 0,402 | 1,434 | 1,911 | 1,949 | 1,988 | 2,028 | 6,205 | | **15,917** |
| | Íocaíochtaí | (2) | 0,402 | 1,434 | 1,911 | 1,949 | 1,988 | 2,028 | 2,068 | 4,137 | **15,917** |
| Teideal 2 | Gealltanais | (1a) | 1,615 | 1,715 | 1,749 | 1,784 | 1,820 | 1,856 | 3,544 | | **14,083** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | 1,615 | 1,715 | 1,749 | 1,784 | 1,820 | 1,856 | 1,894 | 1,650 | **14.083** |
| Teideal 3 | Gealltanais | (3a) | 407,983 | 406,851 | 436,340 | 216,267 | 316,192 | 366,116 | 420,251 | | **2.570,000** |
| | Íocaíochtaí | (3b) | 122,000 | 225,000 | 350,000 | 185,000 | 290,000 | 345,000 | 400,000 | 653,000 | **2.570,000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe don Chomhghnóthas** | Gealltanais | =1+1a +3a | 410,000 | 410,000 | 440,000 | 220,000 | 320,000 | 370,000 | 430,000 | - | **2.600,000** |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 124,017 | 228,149 | 353,660 | 188,733 | 293,808 | 348,884 | 403,962 | 658,787 | **2.600,000** |

[9] Áirítear sa tábla seo ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh ó na Cláir DEP agus SCE amháin.

[10] Léiríonn na méideanna i dTeideal 1 agus i dTeideal 2 ranníocaíocht an Aontais do chostais riaracháin an Chomhghnóthais. Tagann an chuid eile atá fágtha ó ranníocaíochtaí a rinne baill eile den Chomhghnóthas faoi mar a thaispeántar i gcuid 3.2.5.

[11] Na leithreasaí i gcomhair íocaíochtaí i dTeideal 1 agus Teideal 2, is ar thomhaltas bliantúil na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí a chomhfhreagraíonn dóibh atá siad bunaithe, agus is i gcomhair le Theideal 3 a chinntear iad trí chineál na ngníomhaíochtaí indíreacha agus a sceideal íocaíochta (réamhchistiú, íocaíochtaí eatramhacha agus íocaíocht na iarmhéid) a chur san áireamh.

[12] Is i dTeideal 1 agus i dTeideal 2 atá na gealltanais le fáil i gcás na bliana 2027, agus tús-ualú na ngealltanas do na blianta a bheidh fágtha den Chomhghnóthas sa tréimhse 2027–2033.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní Daonna | | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m |
| Caiteachas riaracháin eile | | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m |
| **IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht** | Leithreasuithe | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | *Tar éis 2027* | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe d'imchlúdach an Chláir - Ceannteideal 1** [13] den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 410,000 | 410,000 | 440,000 | 220,000 | 320,000 | 370,000 | 430,000 | - | **2.600,000** |
| | Íocaíochtaí | 124,017 | 228,149 | 353,660 | 188,733 | 293,808 | 348,884 | 403,962 | 658,787 | **2.600,000** |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 7 | "Caiteachas riaracháin" |

[13] Comhfhreagraíonn na leithreasuithe a éilítear le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin atá lasmuigh de Cheannteideal 7 do na méideanna atá cumhdaithe ag ranníocaíocht airgeadais an Aontais. Ní áirítear leis na méideanna thuas an ranníocaíocht ó na Ballstáit i dtreo chostais riaracháin an Lárionaid Inniúlachta, atá i gcomhréir le ranníocaíocht airgeadais an Aontais.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta (4 FTE STATUTORY AD, 2 FTE AC)** | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Acmhainní daonna [14] | | 0,760 | 0,760 | 0,760 | 0,760 | 0,760 | 0,760 | 0,760 | p.m | **5,320** |
| Caiteachas riaracháin eile | | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m | p.m |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0,760 | 0,760 | 0,760 | 0,760 | 0,760 | 0,760 | 0,760 | p.m | **5,320** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | ***Tar éis 2027*** | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe** thar CHEANNTEIDIL den creat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 410,760 | 410,760 | 440,760 | 220,760 | 320,760 | 370,760 | **430,760** | | **2.605,320** |
| | Íocaíochtaí | 124,777 | 228,909 | 354,420 | 189,420 | 294,568 | 349,644 | **404,722** | **658,787** | **2.605,320** |

14 Ag cumhdach riarachán gníomhaíochtaí Digiteacha DEP agus SCE. Cinntear na costais FTE ar bhonn an mheánchostais bhliantúil a bhaineann le foireann AD (EUR 150 000) agus CA (EUR 80 000).

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar acmhainní daonna an Chomhghnóthais*

- ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin
- ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

Uimhreacha foirne (i gcomhaireamh daoine / coibhéis lánaimseartha (FTE))

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | | |
| Ball foirne ar conradh | 20 | 25 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | | |
| Foireann shealadach | 14 | 22 | 27 | 27 | 27 | 27 | 27 | | |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 34 | 47 | 57 | 57 | 57 | 57 | 57 | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | | | | | | | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | | | | | | | | |
| Ball foirne ar conradh | 1,019 | 1,624 | 1,988 | 2,028 | 2,069 | 2,110 | 2,152 | 4,304 | 17,294 |
| Foireann shealadach | 1,148 | 2,863 | 3,584 | 3,656 | 3,729 | 3,804 | 3,880 | 7,759 | 30,423 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | 2,168 | 4,488 | 5,572 | 5,684 | 5,798 | 5,914 | 6,032 | 12,063 | 47,717 |

An tionchar measta ar an bhfoireann (FTE breise) – plean bunaíochta[15]

| Grúpa feidhme agus grád | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| AD16 | | | | | | | | | | | | |
| AD15 | | | | | | | | | | | | |
| AD14 | | | | | | | | | | | | |
| AD13 | | | | | | | | | | | | |
| AD12 | | | | | | | | | | | | |
| AD11 | | | | | | | | | | | | |
| AD10 | | | | | | | | | | | | |
| AD9 | | | | | | | | | | | | |
| AD8 | | | | | | | | | | | | |
| AD7 | | | | | | | | | | | | |
| AD6 | | | | | | | | | | | | |
| AD5 | | | | | | | | | | | | |
| AD Iomlán | 14 | 22 | 27 | 27 | 27 | 27 | 27 | | | | | |
| AST11 | | | | | | | | | | | | |
| AST10 | | | | | | | | | | | | |
| AST9 | | | | | | | | | | | | |
| AST8 | | | | | | | | | | | | |
| AST7 | | | | | | | | | | | | |
| AST6 | | | | | | | | | | | | |
| AST5 | | | | | | | | | | | | |
| AST4 | | | | | | | | | | | | |
| AST3 | | | | | | | | | | | | |
| AST2 | | | | | | | | | | | | |
| AST1 | | | | | | | | | | | | |
| AST Iomlán | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 6 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 5 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 4 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 3 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 2 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC 1 | | | | | | | | | | | | |
| AST/SC Iomlán | | | | | | | | | | | | |

An tionchar measta ar an bhfoireann (bhreise) – pearsanra seachtrach

| Gníomhairí conartha | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

[15] Áirítear i dtábla foirne an Chomhghnóthais 16 FTE le haghaidh na coda a bhaineann le HE. Tá na huimhreacha foirne sin a bhaineann leis an gcuid seo fós cobhsaí i gcomparáid leis an bhfoireann EuroHPC reatha (16 FTE) agus cumhdófar freisin cur chun feidhme leagáid an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh reatha.

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Grúpa feidhme IV | | | | | | | | | | | | |
| Grúpa feidhme III | | | | | | | | | | | | |
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |
| Grúpa feidhme II | | | | | | | | | | | | |
| Iomlán | 20 | 25 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | | | | | |

| Saineolaithe náisiúnta ar iasacht | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Tar éis 2031 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | | | | | | | | | | | | |

*3.2.3. Acmhainní daonna an Choimisiúin a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| Blianta | | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | | |
| Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin | | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 |
| Toscaireachtaí | | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| **• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED** [16]<br>Ceannteideal 7 | | | | | | | | |
| Maoinithe ó CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil | - sa cheanncheathrú | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Maoinithe ó imchlúdach an chláir [17] | - sa cheanncheathrú | | | | | | | |
| | - i dtoscaireachtaí | | | | | | | |
| Taighde | | | | | | | | |
| Eile (sonraigh) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | **6** | **6** | **6** | **6** | **6** | **6** | **6** |

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |

16 AC= Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

17 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

| | |
|---|---|
| Pearsanra seachtrach | |

*3.2.4. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*[18]

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

– Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain 2021 | Bliain 2022 | Bliain 2023 | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | Tar éis 2027 | **IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ranníocaíocht airgeadais le costais riaracháin an Chomhghnóthais cumhdaithe ag na Stáit Rannpháirteacha | 2,295 | 3,175 | 3,175 | 3,175 | 3,175 | 3,175 | 3,175 | 8,655 | 30,000 |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais riaracháin ó na Baill phríobháideacha/Comhpháirtithe comhlachaithe (Airt 22.3.b SBA) | 0,000 | 0,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 1,000 | 6,000 |
| Ranníocaíochtaí airgeadais le costais oibriúcháin ó na Stáit Rannpháirteacha | 407,705 | 406,825 | 436,825 | 216,825 | 316,825 | 366,825 | 418,170 | 0,00 | 2 570,000 |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochta ó na Baill phríobháideacha/Comhpháirtithe comhlachaithe (Airt 22.3.d SBA) | | | | | | | | | |
| Ranníocaíochtaí comhchineáil le gníomhaíochtaí oibríochta ó na Stáit Rannpháirteacha | | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | 410,000 | 410,000 | 441,000 | 221,000 | 321,000 | 371,000 | 422,345 | 9,655 | 2 606,000 |

[18] Caithfear na ranníocaíochtaí tríú páirtí a nuashonrú chun léiriú a thabhairt ar éifeacht na ranníocaíochtaí breise ón gclár Fís Eorpach

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar acmhainní dílse

– ☐ ar ioncam eile

má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin ☐

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh[19] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** |
| Airteagal …………. | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

[19] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.